



**Duine a ainmniú chun feidhmiú mar Thuismitheoir-Ghobharnóir ar An Bord Gobharnóirí don
Téarma Oifige 2024 – 2028**

16/09/24

A Thuismitheoir(i), a chara¹

Tugtar cuireadh duit páirt a ghlacadh i dtoghadh tuismitheoir-ghobharnóir chuig Bord Gobharnóirí Choláiste Feirste. Reáchtálfar ballóid, más gá, chun an tuismitheoir-ghobharnóir a thoghadh. Is é an Bord Gobharnóirí an foras atá freagrach as gnéithe éagsúla de bhainistíocht na scoile. Chun cuidiú leat páirt a ghlacadh sa phróiseas seo, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach duit tagairt a dhéanamh don táb Rialachas Scoile ar shuíomh gréasáin an ÚO a sholáthraíonn faisnéis faoi ról agus freagrachtaí gobharnóirí scoile. Foinse eolais úsáideach eile is ea an leabhrán, 'Bheith i do Ghobharnóir Scoile' ar féidir teacht air freisin trí shuíomh gréasáin an ÚO ag www.eani.org.uk/school-governance/apply-to-become-a-school-governor

Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

1. Tá an **bheirt** tuismitheoirí le gach dalta atá cláraithe ar an scoil i dteideal vóta a chaitheamh sa toghchán;
2. Níl gach tuismitheoir i dteideal ach vóta amháin maidir le gach folúntas tuismitheoir-ghobharnóra;
3. Tá Micheál Mac Giolla Ghunna ceaptha ag an Bhord Gobharnóirí chun gníomhú mar chléireach don toghchán agus mar chathaoirleach ar aon chruinnithe a thionólfar le linn an phróisis seo. Cuirfear tuarascáil ar na himeachtaí ar aghaidh chuig an oifig chúí ÚO;
4. Más mian leat féin-ainmniú a dhéanamh nó duine a ainmniú chun seasamh lena thoghadh mar thuismitheoir-ghobharnóir, bain úsáid as an Fhoirm Ainmniúchán d'Iarrthóirí atá faoi iamh. Seol an fhoirm ainmniúcháin chomhlánaithe ar ais chugam mar chléireach (tríd an phost nó trí ríomhphost info@) faoi **mheánlae Dé Luain 07/10/24**.
5. Cinntigh le do thoil go bhfuil comhaontú an iarrthóra gur mian leo seasamh sa toghchán (mar aon lena Ráiteas Pearsanta - Aguisín B1) agus tacóir leis an ainmniúchán.

¹ De réir an dlí, is ionann tuismitheoir agus caomhnóir nó duine a bhfuil coimeád páiste acu)



Tabhair faoi deara, de réir na Scéime um Bhainistíocht Scoileanna Rialaithe:

duine, seachas an príomhoide nó múinteoir a thoghfad de réir fhorálacha iomchuí Sceideal 4 a ghabhann le hOrdú 1986, atá fostaithe le haghaidh gnó na scoile, nó le haghaidh gníomhaíochtaí neamhscoile, ní bheidh sé nó sí ina c(h)omhalta de Bhord Gobharnóirí na scoile.

6. Tabhair faoi deara fosta, le do thoil, go ndéantar gnó Bhord na nGobharnóirí i nGaeilge; agus beidh cumas oibre i nGaeilge de dhíth.
7. Déanfar an toghchán trí bhallóid ag cruinniú de thuismitheoirí. Cuirfidh mé tuilleadh eolais amach faoi seo, faoi na hainmniúcháin a fuarthas agus na ráitis phearsanta a bhaineann leo nuair a bheas an próiseas hainmniúcháin druidte.

Is mise le meas,

M. Mac Giolla Ghunna

Micheál Mac Giolla Ghunna

Cléireach an Toghcháin

Faoi iamh:

- Foirm Ainmniúcháin Iarrthóra (Foirm B)
- Ráiteas pearsanta (Foirm B1)
- Rólanna agus Freagrachtaí (Aguisín D)